

an t-eagrán seo

Tomás O'Ruairc (Stiúrthóir ar an gComhairle Mhúinteoireachta) ag Machnamh ar Leasú na SS **L.2**

Tabhairt isteach na n-ábhar nua **L.4**

ETI(E)M **L.6**

Ceardlanna Ceannaireachta **L.8**

Ár bhFís

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun múinteoirí a spreagadh, cabhrú leo agus cur ar a gcumas Oideachas na Sraithe Sóisearaí a chur i bhfeidhm

(Straitéis Forbartha SSM 2018-2021)

Scéalta Nuachta is Deireanaí

- D'fhreastail 8,760 ar na ceardlanna don dara hábhar le linn Mhéan Fómhair agus Dheireadh Fómhair. D'éascaigh muid 421 ceardlann thar 2 mhí
- Tharla 45 ceardlann cheannaireachta do cheannairí scoile thar 6 seachtaine.
- Leanann cnuaslaethanta FGL 2/3 lá in aghaidh na seachtaine.
- Leanann FGL na Scoile Uile agus tiocfaidh sé chun deiridh faoi mhí Márta.

CFL1/CFL2nna

Cuireann an fhoireann réimse tacaí FGL ar fáil lena n-áirítear lá Uile Scoile agus fiú cuairt dhá uair an chloig. Tá teacht ar roinnt de na cuir i láthair a úsáidtear i scoileanna [anseo](#). Cliceáil ar an gnaipe seinnte



Fáilte chuig an chéad eagrán de dhearadh nua nuachtlitreach *JCToday*.

Is r-nuachtlitr í agus istigh inti tá iliomad eolas cabhrach agus naisc chuig suíomhanna tábhachtacha agus chuig doiciméid a bhaineann le gnéithe de leasú na sraithe sóisearaí.



Sáraíonn leasú na Sraithe Sóisearaí nach mór gach gné de shaol na scoile bíodh sin teagasc agus foghlaim, measúnú agus tuairisciú, planáil churaclaim agus socrú an chláir ama, treoirilínte Folláine agus ceiliúrthaí PGSS. Is seirbhís tacaíochta é SSM a oibríonn go dian chun cabhrú le scoileanna sna hachair seo uile agus táimid go mór faoi chomaoin ag na ceannairí scoile agus ag na múinteoirí as leibhéal a rannpháirtíochta, agus as an aiseolas atá á fháil againn.

Agus proiseas leasaithe faoi lán seoil le sé bliana, creidim go bhfuil an chuid is deacra curtha dinn. Tá an t-athrú neadaithe i scoileanna anois agus tá borradh faoi na péacáin ghlasa i gcuid mhaith den tSraith Shóisearach. Ba mhaith liom scoileanna a mholadh ar son na hoibre díograis atá á déanamh acu i gcomhthéacs leasú na sraithe sóisearaí agus in aineoinn na mbrúnna uile a bhaineann leis an obair eile a gcaithfidh siad tabhairt fuithi.

Bhí bliain mhaith againn in 2018 in SSM agus tá mé ag tnúth le dúshlán nua ach tuilleadh éachtaí amach romhainn in 2019. Tá díograis agus tiomantas ar leith ag baint leis an bhfoireann SSM a chuireann an foghlaimeoir i gceartlár a chuid oibre. Tá d'ádh orainn iad a bheith ar an bhfoireann linn agus is eol dúinn go mbainfidh scoileanna tairbhe as a gcuid oibre.

Nollaig Shona dár gcuid léitheoirí uile!
An Dr. Pádraig Kirk

Go raibh maith agaibh

Is mian le SSM buíochas a chur in úil do na scoileanna agus do na hionaid oideachais a d'óstáil na cnuasimeachtaí FGL s'againn ar fud na tíre. Is mór againn bhur bhfláithiúlacht agus maidir le caighdeán na saoráidí agus na n-áiseanna, níl a sárú le fáil.

Agus FGL á cur ar fáil i suíomhanna údaracha ar an lá cuireann sé go mór léi agus is breá leis na múinteoirí é sin.

Cáiliúcháin PGSS

Comhghairdeas ó chroí leis na scoláirí a bhain amach Proifíl Ghnóthachtála (PGSS) le coicís anuas. Is iad na scoláirí seo an dara grúpa chun an cháiliúcht nua a thógann áit an Teasatais Shóisearagh a fháil.




Scoláirí i Meánscoil SmBC i dTurlas Eile agus PGSS á bronnadh orthu

Gearrchúrsaí

Tugtar eolas maidir le planáil do ghearrchúrsaí sna naisc seo a leanas.

Cliceáil ar an gcnaipe seinnte chun breathnú ar an Seimeár Gréasáin le deireanas ar Ghearrchúrsaí.



Fealsúnacht

Beidh Ceardlanna ar ghearrchúrsa san Fhealsúnacht ar fáil in 2019.

Is féidir le scoileanna gearrchúrsaí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais agus ar ábhair spéise a gcuid scoláirí féin, ach caithfidh siad na riachtanais sainiúla mar atá leagtha amach sa 'Creat don tSraith Shóisearach' a chomhlíonadh..

Cuireann CNCM tacaíocht chomh maith le treoirínte agus teimpléid ar fáil do scoileanna ar mian leo a ngearrchúrsa féin a fhorbairt. [Cliceáil anseo](#) chun tuilleadh eolais a fháil.



Ina leabhar “*Fall down 7 times, Get up 8*”, seo a méid atá le rá ag Naoki Higashida:

... murab ionann saoirse agus rudaí a fhágáil inár ndiaidh, ach na rudaí atá amuigh a thabhairt isteach. Agus doras an chroí á oscailt againn, tógaimid céim chuig an domhan.

Cé gur dócha nárb é sin a bhí i gceist aige, bhí Higashida ag trácht ar bhunbhrí an oideachais – an méid atá istigh a mhealladh amach. Ar ndóigh, caithfidh duine éigin an mealladh sin a dhéanamh – is ionann oideachas agus daoine ag cabhrú le daoine foghlaim.

Mar ghairm, fáiltíonn múinteoirí roimh an domhan lasmuigh isteach ina gcuid seomraí ranga gach uile lá – castacht agus ilchinealach an chine dhaonna. Ag an gComhairle Mhúinteoireachta, déanaimid iarracht níos mó spáis agus ama a chruthú do na daoine atá i gceartlár an teagaisc agus na foghlama, agus is é sin an fáth a bhfuil cultúir na gairmiúlachta comhoibríche lenar thaobhaigh Andy Hargreaves, chomh tábhachtach sin.


An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

“Aithníonn an Creat don tSraith Shóisearach má tá iarrtar ar mhúinteoirí machnamh scoláirí ar a gcuid foghlama a éascú, mar sin de, go gcaithfidh na múinteoirí tacaíocht a fháil chun machnamh ar a gcuid foghlama féin fosta.”

Tomás Ó Ruairc, Stiúrthóir, An Chomhairle Mhúinteoireachta

Is eol dúinn ó thaighde déanta ag ESRI gur mór a chabhraigh an Droichead, an creat ionducthaithe gairme do mhúinteoirí, leis na cultúir seo.



Fuair corradh le 1,000 scoil traenáil ón bhFoireann Ghairmiúil Tacaíochta chuige seo.

Is mór an fhoinsé tacaíochta an oiliúint seo agus próiseas an Droichid féin do mhúinteoirí agus iad ag tabhairt faoin tSraith Shóisearach nua.

Is féidir le múinteoirí an chuid is fearr a bhaint as an gcomhoibriú aonair agus comhúinéireacht, ionas gur féidir linn beatha a chur i dteagasc agus i bhfoghlaim do na foghlaiméoirí uile – sinn féin ina measc. B’fhoghlaiméoirí sinn uile tráth dá raibh – ar scoil – agus is foghlaiméoirí sinn uile anois.

Ag scríobh di in 2015, bhí an méid seo le rá ag Louise Hayward:

Is foinse athruithe iad a bhfuil ar eolas againn faoin measúnú ní amháin sna bealaí ina gcabhraímid le daoine óga foghlaim ach freisin sna dóigheanna ina bhfoghlaimíonn múinteoirí, lucht taighde agus lucht déanta polasaithe.


Níor chóir mar sin de iontas a bheith orainn nuair a éiríonn daoine chomh tógtha agus oideachas á phlé acu. Is amhlaidh go bhfuil sé chomh tábhachtach ag gach duine – múinteoirí, tuismitheoirí, scoláirí, teaghlaigh agus an pobal i gcoitinne.

Aithníonn an Creat don tSraith Shóisearach, más rún le múinteoirí machnamh scoláirí ar a gcuid foghlama a éascú, ansin caithfear cabhrú leis na múinteoirí féin machnamh a dhéanamh ar a gcuidse foghlama chomh maith. Mar chuid den tSraith Taighde CROÍ (*Collaboration and Research for Ongoing Innovation*), tá roinnt acmhainní ar fáil ar líne ag an gComhairle Mhúinteoireachta lena ar a n-áirítear, seimineáir ghréasáin agus ríomhírísí, ar chabhair iad chun plé agus machnamh a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim.

An 16 Eanáir 2019, beimid ag óstáil seimineár gréasáin i gcomhar le SSM ar mhachnamh. Cuireann Creat Tacaíochta um Thaighde John Coolahan maoiniú ar fáil do mhúinteoirí taighde atá ann cheana féin a roinnt agus á phlé.

Tá cleachtas an athmhachnaimh i gcroílár ár gcuid oibre uile mar Chomhairle Mhúineoireachta.

Sa Phlean Stráitéiseach againn, sainaitnítear 3 ghné ghairmiúlachta na múinteoireachta, is iad sin, taighde, cleachtas an mhachnaimh agus caidrimh. Ó bhunoiliúint múinteoirí go Droichead (ionduchtú do Mhúinteoirí nuacháilithe) go Cosán, creat náisiúnta d'fhoghlaim múinteoirí, tá an Chomhairle Mhúineoireachta ag iarraidh tacú le múinteoirí níos mó spáis agus ama a fháil chun foghlaim faoi rudaí atá bainteach leo féin agus ar suim leo iad agus atá ag teacht le riachtanais na scoláirí faoina gcúram.



Feicimid é gach bliain ag FÉILTE – Féile Oideachais don Fhoghlaim agus don Bharr Feabhais sa Mhúinteoireacht– agus tá súil againn tuilleadh a fheiceáil ag an imeacht sna blianta amach romhainn.



Sa chomhthéacs seo, is spás den scoth é leasú na Sraithe Sóisearaí ag múinteoirí chun cur leis an nuálaíocht ar ceannródaithe inti iad cuid mhór de na múinteoirí le fada.

Céard go díreach a chiallaíonn cleachtas an athmhachnaimh, a fhiafraíonn tú? Tá roinnt acmhainní ar an suíomh gréasáin againn chun cabhrú leat é sin a chíoradh. Ach ar mhaithe leis an alt seo, is ionann cleachtas an athmhachnaimh agus an rud a tharlaíonn nuair a stadaimid chun smaoineamh. Tá i bhfad Éireann níos mó ná sin i gceist ar ndóigh– tá dhá phríomhchoincheap i gceist sa téarma -is é sin machnamh AGUS cleachtas. Is maith an túsphointe é stad – ar feadh tamaillín féin – agus smaoineamh faoinár geleachtas gairmiúil. Is próiseas é sin cleachtas an achmhachnaimh a raibh Híghashida ag tagairt dó - tugann sé isteach a bhfuil amuigh, rud a chabhraíonn linn an domhan mór a ghlacadh chugainn féin agus cruth a chur air. De réir Leasú na Sraithe Sóisearaí, tá sé seo ríthábhachtach d'fhoghlaim scoláirí. Mar Chomhairle Mhúineoireachta, táimid den bharúil go bhfuil an méid sin agus oiread eile tuillte ag múinteoirí.

**Tomás O'Ruairc
Nollaig 2018**

Eispéireas Foghlama Gairmiúil na gComhairlí SSM

Labhair JCToday ar na mallaibh le beirt de na comhairleoirí ar an bhfoireann nuacheaptha Teicneolaíochtaí faoina gcuid eispéireas ag obair le seirbhís tacaíochta SSM. D'aontaigh Declan Regan agus John Forrest araon gurb í an deis chun bheith ar thús cadhnaíochta ar dhearadh agus éascú FGL an phríomhchúis acu dul leis an SSM. Bíonn na laethanta fada agus spríocamanna le baint amach, ach is é an t-eiteos comhoibritheach atá neadaithe san eagraíocht a thugann an deis chun “eispéireas iontach rannpháirteach agus an-tairbheach a bheith ann”. Tugann na laethanta ar an mbóthar ag comhoibriú le comhghleacaithe ó scoileanna eile deis duit taithí a fháil ar “ionracas agus soiléireacht” agus tá siad sin riachtanach do leasú na Sraithe Sóisearaí.

Is “bealach den scoth iad na cnuaslaethanta chun deis a thabhairt do mhúinteoirí i do réimse féin ábhar díriú ar ghníomhaíochtaí agus na dúshlán agus na riachtanais a bhaineann leis na sonraíochtaí nua ábhar a leabú isteach ina gcuid scoileanna”. D'aontaigh Declan agus John araon gur mór an tairbhe aiseolas ó mhúinteoirí i ndiaidh na laethanta i dtaca leis an FGL a dhearadh agus a éascú.



Declan Regan

John Forrest

Seimineár Ghréasáin

Is minic a bhaineann SSM leas as Seimineár Ghréasáin chun gnéithe den tSraith Shóisearach a fhiosrú. Is í an idirghníomhaíocht an ghné is tábhachtaí den seimineár beo nó an cumas chun eolas a phlé, a chur agus a fháil i in am fíor. Seo a leanas thíos roinnt de na Seimineár Ghréasáin atá ag teacht aníos go luath

Eolaíocht:
Céad. 27 Márta 2019.

Gaeilge: (T2)
Déardaoin 28 Márta, 2019.

Innealtóireacht:
Luan 1 Aibreán 2019.
(6.15pm – 7.15pm)

Teicneolaíocht an Adhmaid:
Luan 1 Aibreán 2019
(7.30pm – 8.30pm)

Matamaitic
Máirt 2 Aibreán, 2019.
(6.15pm – 7.15pm)

Tíreolaíocht:
Máirt 2 Aibreán, 2019.
(7.30pm – 8.30pm)

Stair:
Céad 3 Aibreán, 2019

CFL1/CFL2
Déardaoin 4 Aibreán, 2019.

Teicneolaíocht Fheidhmeach:
Luan 8 Aibreán, 2019.
(6.15pm – 7.15pm)

Folláine:
Luan 8 Aibreán, 2019.
(7.30pm – 8.30pm)

OSSP:
Máirt 9 Aibreán, 2019.
(6.15pm – 7.15pm)


Ceol:
Máirt 9 Aibreán, 2019.
(6.15pm – 7.15pm)

NTI:
Céadaoin 10 Aibreán, 2019.

Eacnamaíocht Bhaile:
Céadaoin 10 Aibreán, 2019.

Déantúsán na Sraithe Sóisearaí

Léiríonn múinteoir Theicneolaíocht an Adhmaid Pól de Búitléar, bunbhrí leasú na Sraithe Sóisearaí sa déantúsán trialach atá ar táispeáint aige in iarbhunscoil na mBráithre Críostaí, an tAonach. Thóg an togra seo dhá bhliain lena chur i gcrích agus déanann sé iarracht na Prionsabail, na Príomhscileanna agus na Ráitis Foghlama a léiriú agus a chinntiú san am céanna gurb é an scoláire atá i gceartlár an teagaisc agus na foghlama



Seimineáir Ghréasáin ag teacht go luath

Fealsúnacht:

Déardaoin 11 Aibreán, 2019.

Gaeilge: (T1):

Déardaoin 11 Aibreán, 2019.

Is féidir go n-athróidh na dátaí seo


Déantar na seimineáir ghréasáin uile a thairfead agus tá teacht orthu ar leathanach an ábhair www.jct.ie

Socrúite maidir le feidhmiú Chreat na Sraithe Sóisearaí i dtaca leis an scoilbhliain 2018/2019. Clliceail ar an íomhá chun breathnú uirthi. CL79/2018

Table of Contents	
1. Introduction	1
2. Purpose of the report	2
3. Key findings	3
4. Recommendations	4
5. Appendix A: List of schools	5
6. Appendix B: List of teachers	6
7. Appendix C: List of students	7
8. Appendix D: List of parents	8
9. Appendix E: List of staff	9
10. Appendix F: List of other stakeholders	10
11. Appendix G: List of other stakeholders	11
12. Appendix H: List of other stakeholders	12
13. Appendix I: List of other stakeholders	13
14. Appendix J: List of other stakeholders	14
15. Appendix K: List of other stakeholders	15
16. Appendix L: List of other stakeholders	16
17. Appendix M: List of other stakeholders	17
18. Appendix N: List of other stakeholders	18
19. Appendix O: List of other stakeholders	19
20. Appendix P: List of other stakeholders	20
21. Appendix Q: List of other stakeholders	21
22. Appendix R: List of other stakeholders	22
23. Appendix S: List of other stakeholders	23
24. Appendix T: List of other stakeholders	24
25. Appendix U: List of other stakeholders	25
26. Appendix V: List of other stakeholders	26
27. Appendix W: List of other stakeholders	27
28. Appendix X: List of other stakeholders	28
29. Appendix Y: List of other stakeholders	29
30. Appendix Z: List of other stakeholders	30

Béarla: Scrúdú na Sraithe Sóisearaí 2017

Tuairisc an Phríomhchigire



Achoimre ar dhéantúsán na Sraithe Sóisearaí

Ó gach uillinn, feictear cruth an chroí atá mar stua os cionn an scoláire agus a chiallaíonn gurb é an scoláire atá i gceartlár an chuir chuige nua. Is ionann an trí chomhartha ceiste a chruthaíonn an croí agus trí bliana na Sraithe Sóisearaí. Is léiriú é sin ar an gcur chuige ar bhonn fíorasaithe atá taobh thiar den fhoghlaim sa tSraith Shóisearach Nua.


Is ionann an 24 leabhar a dhéanann an staighre a fhad leis an scoláire agus 24 Ráiteas Foghlama na Sraithe Sóisearaí Nua. Cabróidh siad seo leis an scoláire oideachas níos iomláine a fháil.

Tá an píosa dair phortaigh seo os cionn 5,000 bliain d'aois agus tugadh beatha nua dó agus é snoite mar scoláire. Tugtar beatha nua don scoláire sa tSraith Shóisearach nua.

Is iad an 8 bprionsabal a chuireann bonn agus taca faoi dhoiciméad Chreat nua na Sraithe Sóisearaí agus tá siad nasctha le chéile agus léirítear sin mar fhíoras míreanna mearaí.

Múinteoirí Eolaíochta

Is féidir teacht ar pháipéar samplach den mheasúnú deiridh Eolaíochta ar shuíomh gréasáin CSS, agus tá sé ar fáil anseo. Is féidir teacht ar na Treoirínte don Mheasúnú Deiridh ar shuíomh gréasáin an CNCM díreach ag an nasc anseo




Múinteoirí Stáidéar Gnó

Is féidir teacht ar pháipéar samplach den mheasúnú deiridh don Stáidéar Gnó ar shuíomh gréasáin CSS, agus tá sé ar fáil anseo. Is féidir teacht ar na Treoirínte chun Measúnú Deiridh don Stáidéar Gnó díreach ag an nasc anseo.

Nuashonraíochtaí ó Mheán Fómhair 2018

Tá foirne SSM do na hábhair ag obair i dtólamh le scoileanna maidir le FGL agus treoir a chur ar fáil. Tugadh isteach abhair Céim 5 i mblíana, lena n-áirítear Matamaitic, Eacnamaíocht Bhaile, Stair, Ceol agus Tíreolaíocht.

I láthair na huairé tá **foireann na Matamaitice** ag éascú lá FGL 2018/19. Chuir aiseolas ó mhúinteoirí, agus ár múinteoirí comhlaigh bonn eolais faoin eispéreas foghlaim ghairmiúil agus iad ag obair i seomraí ranga ar fud na tíre. Táimid ag súil go mór le bualadh le múinteoirí an lá seo agus sinn ag breathnú ar conas foghlaim níos doimhne a bhaint amach trí cheistiú. Fiosraímid conas a fhorbraíonn eispéiris shaibhre foghlama scileanna a lorgaítear sna Measúnuithe Rangbhunaithe agus tugaimid deiseanna do mhúinteoirí a bheith ag obair i gcomhar lena chéile agus agus comhphleanáil. Tá ár gcuid acmhainní go léir ar fáil trí Ghaeilge freisin. www.jct.ie/leagangaeilge/maths/maths_ga



Bíonn **foireann na Staire** gnóthach ag plé le múinteoirí trí cheardlann 2018/19 s'acu: Beocht a chur i Sonraíocht na Staire sa Seomra Ranga, a dhíríonn aird ar theagasc, foghlaim agus measúnú i seomra ranga na Staire. Anuraidh bhí breis is 3,000 múinteoir Staire rannpháirteach sa cheardlann Nádúr na Staire a bhí againn. Thairg an fhoireann Staire tacaíocht ar phleanáil leis an tsonraíocht le linn Seimineár Gréasáin i Márta 2018.

Tá **foireann na Tíreolaíochta** ag éascú eispéreas nua foghlaim ghairmiúil a léiríonn do mhúinteoirí Tíreolaíochta conas

fiosrúcháin struchtúrtha, ceistiú foirmitheach agus aiseolas lastigh de phleanáil na n-aonad foghlama a thógáil, agus smaoineamh ar dheiseanna féideartha a thugann seans do scoláirí tabhairt faoi imscrúduithe staidéir allamuigh. Bunaithe ar aiseolas ó mhúinteoirí ar a gcuid riachtanas, chruthaigh an fhoireann roinnt mhaith acmhainní luachmhara cruthaithe do mhúinteoirí atá ar fáil ar an [súiomh gréasáin](#) againn. Is féidir breathnú ar na Seimineáir

ghréasáin a bhí againn roimhe seo ar líne.



Ba mhór ag **Foireann an Cheoil** ceardlann dhá uair an chloig dar teideal 'Fuaim ár gCuid Torthaí Foghlama' a éascú i gcomhar le breis is 300 dár gcomhghleacaithe ceoil ag Comhdháil Bhliantúil de chuid Chumann Múinteoirí Ceoil Iarbhunscóile (PPMTA) i Luimneach ag deireadh Dheireadh

Fómhair. Chuir muid le chéile fiseán gairid d'ár gcuid foghlama le chéile ón gComhdháil agus is féidir teacht air [anseo](#). Bhí an chéad lá FGL ag múinteoirí ceoil i 2017/2018 inar bhreathnaigh muid ar ár sonraíocht nu a gcomhthéacs na leasuithe ar an traith shóisearach ina iomláine. Bunaithe ar an aiseolas, tá múinteoirí ceoil anois ag tabhairt faoi na heispéiris gairmiúla foghlama i 2018/2019 a fhiosraíonn planáil éifeachtach agus comhthathú an mheasúnaithe sa bproiséas foghlama.

Bhí a céad chnuasimeacht scoile ag an bh**Foireann Eacnamaíocht Bhaile** in 2017/18. I mblíana, táthar ag díriú ar chomhoibriú a láidriú agus comhthuiscint ar bheith ag obair le torthaí foghlama a fhorbairt a thuilleadh agus conas is féidir forbairt chéimnithe foghlaim an scoláire a shainiú. I mí Bealtaine, d'fhoilsigh CNCM Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí – Treoirlínte do Mheasúnú Rangbhunaithe (an Chéad Eagrán) agus mar chuid den chnuasimeacht i mblíana beimid ag tabhairt faoin doiciméad sin.



WHAT IS STE(A)M?



IN JUNIOR CYCLE

SCIENCE | TECHNOLOGY | ENGINEERING | THE ARTS | MATHEMATICS



GEOGRAPHY



MATHEMATICS



HOME ECONOMICS



SCIENCE

Mar chuid de na cláir roghnacha FGL againn, cuirimid cuireadh ar mhúinteoirí tabhairt faoin dara bliain de thionscnamh ETI(E)M na Sraithe Sóisearaí. Is acrainm é ETI(E)M a sheasann do: Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus Matamaitic.

Tá sé mar rún ag an tionscnamh FGL seo eispéiris shaibhre FGL in ETI(E)M a chur ar fail do mhúinteoirí na Sraithe Sóisearaí de réir na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr. Is cur chuige idirdhisciplíneach é ETI(E)M ar dhúshláin agus nualaíocht na todhchaí agus ní bhaineann sé go dlúth le sainábhair ar leith. Tá cuireadh ar mhúinteoirí uile a bhfuil suim acu i gclár ETI(E)M freastal ar na ceardlanna seo. Is féidir go mbeadh suim ar leith ag múinteoirí Eolaíochta, Tíreolaíochta, Eacnamaíocht Bhaile agus Matamaitice iontu i mbliana. Tá SSM ag dul i gcomhar le roinnt páirtneirí for-rochtana oideachais ó réimsí ETIM agus na nEalaíon chun ár gclár FGL do ETI(E)M a chur ar fáil do 2019.

Ar mhaith le héascaíocht na pleanála agus FGL do ETI(E)M á leathadh, tá sé ríthabachtach go gcláraíonn na múinteoirí ar suim leo a bheith rannpháirteach chomh luath agus is féidir. Is féidir clárú tríd an tairseach chláráithe againn ag www.jctregistration.ie. Tugadh ainm úsáideora agus mionsonraí pasfhocail don scoil roimhe seo.

Is é an dáta deiridh chun clárú **Dé Céadaoin, 9 Eanáir 2019**. Is é an leasainm Twitter atá ag ETI(E)M sa tSraith Shóisearach @JCTSteAm, agus is é @JCFforTeachers príomhchuntas Twitter s'againn ar a bhfoilseofar na scéalta is deireanaí go rialta.

STE(A)M CPD CALENDAR 2019

Dates and venues January - April 2019

WORKSHOPS	12TH JAN	19TH JAN	26TH JAN	2ND FEB	9TH FEB	2ND MAR	9TH MAR	23RD MAR	30TH MAR	6TH APR
OCEANS	Galway Atlantic Quay, Salthill, Galway		Tayto Park, Ashbourne, Co. Westmeath	Athlone Education Centre	Wexford Education Centre	Dublin Zoo		Sligo Education Centre		Dingle Oceanworld Aquarium, Dingle, Co. Kerry
SYSTEMS	Limerick Education Centre		Carrick-on- Shannon Education Centre		Cork Education Centre		The Maldron Hotel, Sandy Road, Galway	Monaghan Education Centre	Donegal Education Centre	Dublin West Education Centre
WEARABLES		Rediscovery Centre, Ballymun, Dublin	Kilkenny Education Centre*		Kildare Education Centre*	Clare Education Centre*		Limerick Education Centre*	Louis Education Centre*	Mayo Education Centre*
HUMANS	Waterford Teachers' Centre	Limerick Education Centre*	Science Gallery Dublin	Cúram Centre, NUI Galway	Athlone Education Centre*	Navan Education Centre				

*Half Day Workshop. All other workshops are full days 10am - 4pm

HOW TO REGISTER (VIA JCTREGISTRATION.IE)
Registration is via the JCT Registration website at www.jctregistration.ie. Every school is provided with a password for registration. If you have any queries about registration or attendance at STE(A)M events, get in touch with us at: steam@jct.ie

Follow us on Twitter:
@JCTSteAm or @JCFforTeachers

www.jct.ie

OCEANS

SYSTEMS

WEARABLES

HUMANS



Ceannaireacht

Eispéireas Gairmiúil Foghlama do Cheannaireacht an Fhómhair 2018: Tuairisciú do Theagasc agus d'Fhoghlaim Éifeachtach ar lean.

Tá deireadh tagtha le ceardlann cheannaireachta an Fhómhair 2018 na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí agus tháinig sé sna sála ar cheardlann rathúil an Earraigh 2018. Tharla cúig cheardlann is daichead in ionaid éagsúla oideachais ar fud na tíre. Bhí mar aidhm ag an gceardlann tuiscint an Cheannaire Scoile a fhorbairt ar chleachtas éifeachtacha i dteagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú i dtaca le *Creat don tSraith Shóisearach (2015)* agus conas na hathruithe seo a bhainistiú sna scoileanna agus na páirtithe leasmhara uile sa phobal a threorú chun meas a bheith acu ar na cuir chuige nua seo agus iad á gcur i bhfeidhm.

Ar an lá féin, d'fhiosraigh na ceannairí scoile, na naisc idir na Treoirphrionsabail don Tuairisciú agus a dtionchar ar theagasc agus ar fhoghlaim éifeachtach sa seomra ranga, agus bhreathnaigh siad conas a chabhraíonn aiseolas éifeachtach le foghlaim an scoláire agus an tábacht a bhaineann le machnamh an scoláire mar chuid den phróiseas foghlama.

De réir na socrúithe nua mar atá leagtha amach sa *Chreat don tSraith Shóisearach (2015)* ní bheidh múinteoirí ag brath a thuilleadh ar thorthaí scrúduithe ach ag dul i dtreo cur chuige a mheasann na torthaí seo i gcomhthéacs mar atá ag éirí le scoláire i bhfianaise níos leithne ná scrúduithe.

Beidh cabhair ag teastáil ó mhúinteoirí chun a dtuiscint a fhorbairt i dtaobh na réasúnaíochta atá taobh thiar den athrú seo agus ina dhiaidh sin a gcleachtas féin a athrú chun foghlaim scoláirí a fheabhsú.

Caithfidh tuairisciú éifeachtach a bheith tuisceanach ar fhéinmhúinín agus ar fholláine ghinearálta na scoláirí uile, agus san am céanna aiseolas ionraic cuiditheach a thabhairt. Thug na ceardlanna deis do rannpháirtithe machnamh ar aiseolas foirmitheach agus breithiúnach i gcleachtas tuairiscithe agus a thionchar sin ar fhéinmhúinín scoláirí agus ar spreagadh chun foghlaim. D'fhiosraigh rannpháirtithe teimpléid nua tuairiscithe CNCM a dearadh i gcomhair tuairisciú ag deireadh an dara bliain agus thosaigh siad a dhéanamh cinntí maidir lena n-úsáid i gcomhthéacs a scoile féin. Rinne ceannairí scoile plé ar an ngá chun 'rómhéasúnú' a úsáid ó tharla go bhféadfadh scoláirí a bheith ag tabhairt faoi oiread le sé Mheasúnú Rangbhunaithe ag deireadh an dara bliain in 2019.

Ba mhór an tairbhe a bhí le baint as an dóigh ar chabhraigh ceannairí scoile leis an bhfoireann comhrá agus plé gairmiúil a fhorbairt, rud a bhí riachtanach chun dul i ngleic leis na torthaí foghlama ar bunchlocha iad sa mheasúnú leanúnach agus tuairisciú trí aonaid foghlama, measúnuithe rangbhunaithe, an tasc measúnaithe agus Scrúduithe Stáit.

Bhí deiseanna sna ceardlanna plé le comhghleacaithe maidir le bealaí éifeachtacha chun an próiseas teagaisc, foghlama, measúnaithe agus tuairiscithe ina gcuid scoileanna a threorú agus plean fadtéarmach a mheabhú leis sin a chur i bhfeidhm. [Clliceáil anseo](#) chun teacht ar chuir i láthair, doiciméid a úsáideadh an lá sin. Tá foireann na Ceannaireachta ag pleanáil le haghaidh eispéireas foghlama ceannaireachta in Earrach 2019 agus molaimid do cheannairí na scoile uile logáil isteach ag www.jctregistration.ie agus ceann amháin de na ceardlanna a roghnú sa Bhliain Úr. áin de na ceardlanna a roghnú sa Bhliain Úr.



Mearnaisc chuig na Sonraíochtaí Ábhair

Béarla

Eolaíocht

Staidéar Gnó

Amharc-Ealaín

Nuatheangacha Iasachta

Gaeilge (Gaelscoileanna)
as Gaeilge
as Béarla

Gaeilge (scoileanna meán
Béarla)

as Gaeilge
as Béarla

Matamaitic

Ceol

Tíreolaíocht

Stair

Eacnamaíocht Bhaile

Oideachas Reiligiúin (ar fáil ar
líne go luath)

An Léann Giúdach (ar fáil ar
líne go luath)

Innealtóireacht

Teicneolaíocht an Adhmaid

Teicneolaíocht Fheidhmeach

Grafaic (ar fáil ar líne go
luath)

Oideachas Saoránach
Sóisialta agus Polaitiúil


Corpoideachais

Oideachas Sóisialta,
Pearsanta agus Sláinte
Scrúdpháipéir Shamplacha
ar fáil [anseo](#)

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Lámhleabhar do scoileanna 2018

Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)



Is í aidhm an lámhleabhair seo cabhrú le scoileanna tuiscint a bheith acu ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Tugann sé mionsonraí chomh maith conas an PGSS a chur i gcrích, lena n-áirítear athruithe ar bith a tharla ón chead uair a bronnadh na PGSSanna in 2017, gur féidir é a bhronnadh ar scoláirí roimh dheireadh na bliana féilire seo.

Bronnfaidh scoileanna PGSSanna ar a gcuid scoláirí uile ó Luan 10 Nollaig 2018. Ba chóir go ndeanfaí agus go mbronnfaí na PGSSanna uile ar scoláirí roimh dheireadh théarma na Nollag.

Foilseofar na leaganacha is deireanaí den doiciméad seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie.

Má bhíonn ceist ar bith agat seoltar ríomhphost chuig jcpa@education.gov.ie.

Uaireanta Bainistíocht Acmhainní / SSM.ie

Le roinnt seachtainí, d'éascaigh foireann na Scoile Uile dhá sheimineár ghréasáin dírithe ar mhúinteoirí ar ceadáíodh uaireanta bainistíocht acmhainní SS dóibh. Bhí os cionn 340 duine rannpháirteach agus tá teacht ar an seimineár gréasáin ag www.jct.ie. Beidh na naisc seo a leanas ina gcabhair le haghaidh pleanáil éifeachtach uaireanta bainistíocht acmhainní in 2018/2019.

Foireann Uirlísí do Chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Ciorclán 0015/2017 (socruithe maidir le Cur i bhFeidhm Chreat na Sraithe Sóisearaí do 2017/18 agus 2018/19)

Ciorclán S90/2017 (Tasc Measúnaithe Bhéarla na Sraithe Sóisearaí)

Lámhleabhar do Scoileanna ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Treoirleabhar do Scoileanna Speisialta ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Clárúchán SSM (chun sonraí múinteoirí a chlárú do Cheardlanna agus Ghearrchúrsaí)

Cumarsáid le tuismitheoirí



Baill Foirne na Scoile Uile ag freagairt ceisteanna ag seimineár gréasáin ar na mallaibh.


Ciorclán 0029/2017 (Am Gairmiúil na Sraithe Sóisearaí)

Treoirlínte do Chláir Foghlama Léibhéal 2 (CFL2nna)

Treoirlínte d'Fholláine na Sraithe Sóisearaí

Creat don tSraith Shóisearach 2015

Curaclam ar líne



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE
for teachers

Junior Cycle for Teachers (JCT) Support Service

Administrative Office:
Monaghan Ed. Centre | Armagh Road | Monaghan
Tel.: 047 74008

Director's Office:
LMETB | Chapel Street | Dundalk
Tel.: 042 9364603

Tá naisc ar shuíomh gréasáin SSM chuig gach eolas tábhachtach a bhaineann leis an tSraith Shóisearach. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus sinn ag tabhairt faoi obair cheannródaíoch i scoileanna agus in ionaid oideachais in 2018/19 agus amach anseo. Bí ar an eolas maidir le fógraí ag jct.ie agus fothaí twitter againn.